BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

6 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 – Neamhrialtachtaí – Airteagal 3 – Tréimhse theorann – Fad agus túsphointe na tréimhse sin – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do thréimhse theorann 5 bliana ón dáta a shuífear an neamhrialtacht)

I gCás C-42/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Symvoulio Tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig), trí bhreith an 29 Nollaig 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 22 Eanáir 2024, sna himeachtaí

Emporiki Serron AE – Emporias kai Diathesis Agrotikon Proionton

v

Ypourgos Anaptyxis kai Ependyseon,

Ypourgos Agrotikis Anaptyxis kai Trofimon,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Kumin, Uachtarán Dlísheomra, I. Ziemele agus S. Gervasoni (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Ypourgos Anaptyxis kai Ependyseon agus Ypourgos Agrotikis Anaptyxis kai Trofimon, ag E. Leftheriotou agus A. Vasilopoulou, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gréige, ag E. Leftheriotou agus A. Vasilopoulou, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghréigis.

– an Coimisiún Eorpach, ag T. Adamopoulos, M. Konstantinidis agus C. Valero, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 3 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO 1995 L 312, lch. 1) agus ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir an chuideachta Emporiki Serron AE – Emporias kai Diathesis Agrotikon Proionton ('an chuideachta Emporiki Serron'), Ypourgos Anaptyxis kai Ependyseon (an tAire Forbartha agus Infheistíochta, an Ghréig) agus Ypourgos Agrotikis Anaptyxis kai Trofimon (an tAire Forbartha Tuaithe agus Bia, an Ghréig), maidir le haisghabháil na cabhrach airgeadais a fuair an chuideachta sin chun cadás neamhscilligthe a cheannach agus a scilligeadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 3 sa bhrollach a ghabhann le Rialachán Uimh. 2988/95:

'[...] tá sé tábhachtach [...] chun dul i ngleic le díobháil do leasanna airgeadais [an Aontais Eorpaigh] i ngach réimse'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Faoi Airteagal 1 den Rialachán sin:

'1. D'fhonn leasanna airgeadais [an Aontais] a chosaint, glacfar rialacha ginearálta maidir le seiceálacha aonchineálacha agus maidir le bearta agus pionóis riaracháin a bhaineann le neamhrialtachtaí i dtaca le dlí [an Aontais].

2. Ciallóidh neamhrialtacht aon sárú ar fhoráil de dhlí [an Aontais] de thoradh gnímh nó neamhghnímh a rinne oibreoir eacnamaíoch, a bhfuil sé d'éifeacht aige, nó a mbeadh sé d'éifeacht aige, dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta [an Aontais] nó do bhuiséid arna mbainistiú acu, trí ioncam a fhabhraíonn ó acmhainní dílse arna mbailiú go díreach thar ceann [an Aontais], nó trí mhír chaiteachais gan údar maith, a laghdú nó a chailleadh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Leagtar an méid seo a leanas amach in Airteagal 3 den Rialachán sin:

‘1. 4 bliana a bheidh sa tréimhse theorann le haghaidh imeachtaí ón uair a rinneadh an neamhrialtacht dá dtagraítear in Airteagal 1(1). Mar sin féin, féadfar foráil a dhéanamh le rialacha earnála do thréimhse níos giorra nach féidir a bheith níos lú ná 3 bliana.

I gcás neamhrialtachtaí leanúnacha nó a dhéantar arís agus arís eile, rithfidh an tréimhse theorann ón lá a thiocfaidh deireadh leis an neamhrialtacht. I gcás cláir ilbhliantúla, beidh feidhm ag an tréimhse theorann i gcás ar bith go dtí go bhfoirceannfar an clár go cinntitheach.

Brisfear an tréimhse theorann le haghaidh imeachtaí le haon ghníomh ón údarás inniúil, arna chur in iúl don duine lena mbaineann, a bhaineann le himscrúdú nó le himeachtaí dlíthiúla maidir leis an neamhrialtacht. Rithfidh an tréimhse theorann arís le gach briseadh.

Tiocfaidh an teorainn i bhfeidhm, áfach, ar a dhéanaí an lá a rachaidh tréimhse arb ionann í agus dhá oiread na tréimhse teorann in éag gan phionós a bheith forchurtha ag an údarás inniúil, ach amháin i gcás inar cuireadh an nós imeachta riaracháin ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 6(1).

2. 3 bliana a bheidh sa tréimhse chun an cinneadh lena mbunaítear an pionós riaracháin a chur chun feidhme. Rithfidh an tréimhse ar an lá a mbeidh an cinneadh sin críochnaitheach.

Déanfar cásanna briste agus fionraí a rialú le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta.

3. Coinneoidh na Ballstáit an fhéidearthacht tréimhse a chur i bhfeidhm atá níos faide ná an tréimhse dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 faoi seach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Gréige

6 Foráiltear le hAirteagal 102 de Nómos 2362/1995 peri Dimosiou Logistikou, eleghou ton dapanon tou kratous kai alles diatakseis (Dlí Uimh. 2362/1995 maidir le hairgeadais an Stáit, rialú caiteachais an Stáit agus forálacha eile) (FEK A’ 247/27.11.1995), dar teideal ‘Aisghabháil suimeanna a íocadh go míchuí’:

‘Déanfaidh an Stát maoiniú, cabhair nó fóirdheontais do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó do chomhlachtaí, arna n-íoc faoi chuimsiú bheartais [an Aontais] ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais […], a aisghabháil má shuíonn na comhlachtaí inniúla lena mbaineann gur íocadh go míchuí nó go neamhdhleathach iad.

Beidh suimeanna a íocfar go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Dlí seo faoi réir na bhforálacha sin freisin.

Déanfar na suimeanna arna n-aisghabháil ina leith sin a shuí mar ioncam bhuiséad an Stáit agus aisghabhfar iad de réir fhorálacha an Chóid um Aisghabháil Ioncaim Phoiblí, mar atá i bhfeidhm.

Tá feidhm freisin sa chás seo ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le bearta riaracháin, comhéigneacha agus breithiúnacha a ghlacadh chun ioncam an Stáit a aisghabháil.’

7 Foráiltear le hAirteagal 103 den Dlí sin, dar teideal ‘Tréimhse theorann a chur le héilimh phoiblí’:

‘Beidh tréimhse theorann 5 bliana ar aisghabháil na suimeanna dá dtagraítear san Airteagal roimhe seo ón dáta a suíodh an bailiú míchuí nó neamhdhleathach, mura bhforáiltear a mhalairt le dlí [an Aontais].

Beidh tréimhse theorann le suimeanna a aisghabhfar tar éis 20 bliain, mura bhforáiltear a mhalairt le dlí [an Aontais].

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha maidir le fionraí, briseadh agus éifeachtaí na tréimhse teorann a leagtar síos sa Dlí seo a bhfuil feidhm acu maidir le héilimh an Stáit maidir leis na héilimh dá dtagraítear san Airteagal seo, mura bhforáiltear a mhalairt le dlí [an Aontais].’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

8 In 2001, fuair Emporiki Serron cabhair airgeadais ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) chun síol cadáis a cheannach agus a scilligeadh don tréimhse 2000-2001. Scoir sé den trádáil agus cuireadh faoi leachtú é i mí an Mheithimh 2001.

9 Rinneadh cigireacht i gceanncheathrú na cuideachta Emporiki Serron an 4 agus an 5 Iúil 2006 agus ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 2 Samhain 2006. Léirigh an tseiceáil sin nár thaifead Emporiki Serron aon díolacháin le haghaidh 3 618 crotal cadáis scilligthe, a chomhfhreagraíonn do níos mó ná 750 000 cileagram de chadás scilligthe.

10 An 14 Iúil 2009, ghlac an tAire Forbartha Tuaithe agus Earraí Bia cinneadh chun an chabhair a íocadh leis an gcuideachta Emporiki Serron ar mhéid EUR 322 568.90, móide ús, a chomhfhreagraíonn do na 3 618 crotal cadáis scilligthe a luaitear thuas, a aisghabháil.

11 Ar achomharc ón gcuideachta sin i gcoinne an chinnidh sin, chuir an Trimeles Dioikitiko Protodikeio Athinon (an Chúirt Riaracháin ina suí mar phainéal de thriúr breithiúna, an Aithin, an Ghréig) ar neamhní é ar an bhforas nár comhlíonadh an tréimhse theorann 4 bliana a leagtar síos sa chéad fhomhír d’Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95. Chinn an chúirt sin go raibh Airteagal 103 de Dhlí Uimh. 2362/1995, a mhéid a ghlac sé mar thúsphointe na tréimhse teorann an dáta ar suíodh an neamhrialtacht agus ní, mar a fhoráiltear in Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 2988/95, an dáta a rinneadh é, contrártha leis an Airteagal deireanach sin. Dá bhrí sin, chuir sí cur i bhfeidhm Airteagal 103 de Dhlí Uimh. 2362/1995 as an áireamh.

12 Ar achomharc ó Stát na Gréige, chuir an Trimeles Dioikitiko Protodikeio Athinon (an Chúirt Riaracháin ina suí mar phainéal de thriúr breithiúna, an Aithin, an Ghréig) an breithiúnas a tugadh ag an gcéad chéim ar neamhní. Mheas an chúirt sin, go bunúsach, gur ceadaíodh le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95 foráil amhail Airteagal 103 de Dhlí Uimh. 2362/1995 a ghlacadh. Mheas sí, de bhun an Airteagail dheireanaigh sin, gur cuireadh tús leis an tréimhse theorann an 29 Samhain 2006, an dáta a dhréachtaigh cigire na hAireachta um Fhorbairt Tuaithe agus um Earraí Bia a thuarascáil. Tuigtear uaidh sin, ar dháta an chinnidh chun an chabhair a aisghabháil, eadhon an 14 Iúil 2009, nach raibh an tréimhse theorann 5 bliana is infheidhme faoin dlí náisiúnta imithe in éag. Dá réir sin, mheas sé gur íocadh an chabhair airgeadais go míchuí.

13 Thug an chuideachta Emporiki Serron achomharc os comhair an Symvoulio Tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, i gcoinne an bhreithiúnais a thug an Diikitiko Efeteio (an Chúirt Achomhairc Riaracháin), ag maíomh gur ghlac an Elegktiko Synedrio (an Chúirt Iniúchóirí, an Ghréig) réiteach a bhí contrártha leis an réiteach a glacadh sa bhreithiúnas sin i gcás ina ndearnadh agóid i gcoinne dlíthiúlacht birt ceartúcháin airgeadais.

14 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ina dhiaidh sin, gur chinn an Elegktiko Synedrio (an Chúirt Iniúchóirí), i seisiún iomlánach, go raibh Airteagal 103 de Dhlí Uimh. 2362/1995 i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 2988/95 agus le prionsabail na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla, a mhéid a bhí an tréimhse iomlán idir an dáta a rinneadh neamhrialtacht agus dúnadh an nós imeachta um aisghabháil riaracháin i ndáil leis an neamhrialtacht sin réasúnta agus nach dtéann an tréimhse sin thar an dearbhthréimhse theorann dá bhforáiltear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin.

15 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur tharla an neamhrialtacht atá i gceist sa díospóid atá os a comhair tráth nach déanaí ná an 20 nó an 30 Meitheamh 2001, ionas go raibh an tréimhse theorann 4 bliana a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95, más infheidhme, imithe in éag cheana féin tráth an chéad athbhreithnithe, a rinneadh i mí Iúil 2006.

16 Sna himthosca sin, chinn an Simvoulio Tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1. An bhfuil foráil náisiúnta amhail Airteagal 103 de Dhlí [Uimh. 2362/95], lena leagtar síos ní hamháin tréimhse theorann cúig bliana chun íocaíochtaí míchuí arna ndéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha a ghnóthú, tar éis gnímh nó neamhghníomh ar a bpáirt a bhfuil, nó ar dóigh go mbeidh, d'éifeacht aige dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta [an Aontais] nó buiséid atá á mbainistiú [acu], ach lena socraítear freisin an *dies a quo* den tréimhse sin nuair a shuítear gur gnóthaíodh an chabhair go héagórach nó go neamhdhleathach, seachas ag an tráth a ndearnadh an neamhrialtacht comhoiriúnach le forálacha Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 2988/95 agus le prionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla?

2. I gcás ina leagtar síos, de bhun Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95, tréimhse theorann atá níos faide ná an tréimhse theorann ceithre bliana atá leagtha síos in Airteagal 3(1) den Rialachán sin, an bhfuil forálacha na fomhíre deiridh d'Airteagal 3(1) le léiriú mar thréimhse theorann uasta ocht mbliana chun cabhair a íocadh go héagórach nó go neamhdhleathach a ghnóthú ón tráth a rinneadh an neamhrialtacht, nó mar thréimhse theorann uasta atá cothrom le nó dhá oiread chomh fada leis an tréimhse is faide a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta?

3. Más freagra dearfach atá ar an gcéad cheist agus gurb é an freagra ar an dara ceist ná go bhfuil an fhomhír dheireanach d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 le léiriú sa chaoi a chiallaíonn go leagtar síos leis tréimhse teorann uasta atá dhá uair chomh fada leis an tréimhse teorann is faide a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta, tagann an cheist chun cinn freisin, ag glacadh leis go leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta tréimhse teorann níos faide ná an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 agus go socraítear leis, ag an am céanna, pointe tosaigh chun an tréimhse sin a ríomh tráth a aimsítear an neamhrialtacht, cibé acu an rithfidh an tréimhse teorann ó fhorghníomhú an neamhrialtacht nó ó thángthas ar an neamhrialtacht?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

17 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 3(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 2988/95, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos tréimhse theorann 5 bliana, ón dáta a shuigh na húdaráis náisiúnta neamhrialtacht i bhfianaise fhorálacha an Rialacháin sin.

18 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais, go bhfuil an tréimhse theorann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 infheidhme maidir le neamhrialtachtaí as ar eascair forchur pionóis riaracháin, de réir bhrí Airteagal 5 den Rialachán sin, agus maidir le neamhrialtachtaí, amhail na neamhrialtachtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí, atá ina n-ábhar do bheart riaracháin arb é is aidhm dó an buntáiste a fuarthas go míchuí a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin (breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 De réir chásdlí socair na Cúirte, chun raon feidhme fhorálacha dhlí an Aontais a chinneadh, sa chás seo Airteagal 3(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 2988/95, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, is gá a bhfoclaíocht, a gcomhthéacs agus a gcuspóirí araon a mheas (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Firma Ernst Kollmer Fleischimport und -export*, C-59/14, EU:C:2015:660, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 Maidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear in Airteagal 3, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear leis an Airteagal sin, sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír de mhír 1 de, do thréimhse theorann le haghaidh imeachtaí 4 bliana ó rinneadh an neamhrialtacht nó, i gcás neamhrialtacht leanúnach nó a dhéantar arís agus arís eile, ón lá a tháinig deireadh leis an neamhrialtacht sin, agus é á shonrú go bhféadfaidh rialacha earnála foráil a dhéanamh maidir le tréimhse theorann níos giorra, ar tréimhse í nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 3 bliana.

21 Thairis sin, ní mór a mheabhrú go sainmhínítear le hAirteagal 1(2) de Rialachán Uimh. 2988/95 an coincheap ‘neamhrialtacht’ mar aon sárú ar fhoráil de dhlí an Aontais a eascraíonn as gníomh nó neamhghníomh oibreora eacnamaíoch, a bhfuil sé d’éifeacht aige, nó a mbeadh sé d’éifeacht aige, dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta an Aontais nó do bhuiséid arna mbainistiú aige.

22 Foráiltear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95 ‘[go gc]oimeádfaidh na Ballstáit an fhéidearthacht tréimhse níos faide a chur i bhfeidhm ná an tréimhse dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 faoi seach’ d’Airteagal 3. Is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadfadh tréimhse den sórt sin a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm cheana féin roimh an Rialachán sin nó forálacha náisiúnta nua i ndiaidh an Rialacháin sin. (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Faoi Airteagal 3(3), tá lánrogha leathan le bheith ag na Ballstáit maidir le fad na dtréimhsí teorann níos faide a bheartaíonn siad a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, faoi réir chomhlíonadh phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, lena n-áirítear prionsabal na comhréireachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, míreanna 64 agus 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Ciallaíonn comhlíonadh an phrionsabail sin, go sonrach, nach dtéann cur i bhfeidhm tréimhse theorann náisiúnta níos faide, ar bhonn Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95, thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Dá bhrí sin, ghlac an Chúirt cheana féin, ar fhorais is féidir a thrasuí sa chás seo, nach dtéann tréimhse theorann 5 bliana, amhail an tréimhse atá i gceist sna príomhimeachtaí, thar a bhfuil riachtanach chun a chur ar chumas na n-údarás náisiúnta imeachtaí a thionscnamh i gcoinne neamhrialtachtaí a dhéanann dochar do bhuiséad an Aontais, agus nach bhfuil an tréimhse sin ach bliain amháin níos faide ná an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95, inar thuig sí go bhfuil tréimhse den sórt sin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, mír 74).

26 Níor rialaigh an Chúirt, áfach, go dtí seo, maidir leis an gceist an údaraítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95 do na Ballstáit maolú ó thúsphointe na tréimhse teorann a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, trína fhoráil go rithfidh an tréimhse sin ón dáta a shuífidh na húdaráis náisiúnta go ndearnadh sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin.

27 I ndáil leis sin, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 3(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 2988/95, a mheabhraítear i míreanna 20 agus 22 den bhreithiúnas seo, nach raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais, tríd an bhforáil sin a achtú, ach cead a thabhairt do na Ballstáit síneadh a chur le fad na tréimhse teorann i gcomparáid leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95, d'eisiamh aon athrú ar thúsphointe na tréimhse sin.

28 Tá an léiriú sin, bunaithe ar fhoclaíocht na bhforálacha atá i gceist, comhsheasmhach le comhthéacs na bhforálacha sin agus leis na cuspóirí atá á saothrú leo.

29 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 2988/95 agus mar is léir ón tríú haithris sa bhrollach a ghabhann leis an Rialachán sin, go dtugtar isteach leis an Rialachán sin 'rialacha ginearálta maidir le seiceálacha aonchineálacha agus maidir le bearta agus pionóis riaracháin a bhaineann le neamhrialtachtaí i dtaca le dlí [an Aontais]', 'chun dul i ngleic le díobháil do leasanna airgeadais [an Aontais] i ngach réimse' (breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Sa chomhthéacs sin, dhearbhaigh an Chúirt cheana féin go bhfuil oibleagáid ghinearálta díchill ar na húdaráis náisiúnta rialtacht na n-íocaíochtaí a dhéanann siad agus a íocann buiséad an Aontais a fhíorú, rud a thugann le tuiscint go ndéanann siad bearta chun aon neamhrialtachtaí a leigheas go pras (féach, de réir análaí, breithiúnas an 11 Meitheamh 2015, *Pfeifer & Langen*, C-52/14, EU:C:2015:381, mír 67).

31 Chun glacadh leis, áfach, nach gcuirfear tús leis an tréimhse theorann a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 go dtí go suífidh an riarachán go bhféadfadh na neamhrialtachtaí sin táimhe áirithe a spreagadh ó na húdaráis náisiúnta chun na neamhrialtachtaí sin a shaothrú, agus ag an am céanna oibreoirí a nochtadh, ar thaobh amháin, do thréimhse fhada éiginnteachta dlíthiúla agus, ar an taobh eile, don riosca nach

mbeidh siad in ann rialtacht na n-idirbheart atá i gceist a chruthú a thuilleadh (féach, de réir análaí, breithiúnas an 11 Meitheamh 2015, *Pfeifer & Langen*, C-52/14, EU:C:2015:381, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ar bhonn níos bunúsaí, ba cheart a mheabhrú go gcuirtear cosc le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, i bprionsabal, ar na húdaráis phoiblí a bheith in ann a gcumhachtaí a úsáid ar feadh tréimhse éiginnte chun staid neamhdhleathach a leigheas (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *an Spáinn (Oibleagáid um thuairisciú i gcúrsaí cánach)*, C-788/19, EU:C:2022:55, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin féin, bheadh túsphointe na tréimhse teorann a shocrú mar an dáta a shuífidh na húdaráis náisiúnta gurb ann do neamhrialtacht bunoscionn leis an gcuspóir atá á shaothrú trí shásra a bhunú don tréimhse theorann le haghaidh sáruithe ar Rialachán Uimh. 2988/95. Go bunúsach, chuirfeadh rogha den sórt sin ar chumas na n-údarás sin gníomhú gan teorainn ama i bhfianaise an dáta a rinneadh an neamhrialtacht nó an dáta ar tháinig deireadh léi, rud a d'fhágfadh go mbeadh an baol ann, sa chleachtas, go gcuirfí bac ar an tréimhse theorann.

33 Ós rud é go gceanglaítear le dlí an Aontais, agus go sonrach leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95, ar na húdaráis náisiúnta gníomhú laistigh de dhearbhthréimhse theorann, arb ionann í agus dhá oiread na tréimhse teorann a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, ní féidir leis na Ballstáit comhlíonadh na tréimhse teorann sin a ligean thar ceal trí thúsphointe a ghlacadh arb ionann é agus aon raon feidhme a bhaint di.

34 Dá bhrí sin, le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, cuirtear cosc ar na Ballstáit maolú ó thúsphointe na tréimhse teorann a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, ós rud é go socraítear an túsphointe sin, i ngach cás, de bhun na bhforálacha sin, ar an dáta a rinneadh an neamhrialtacht nó, i gcás neamhrialtacht a dhéantar arís agus arís eile nó leanúnach, ar an dáta a tháinig deireadh leis an neamhrialtacht sin. Dá bhrí sin, maidir leis an dáta a thagann na húdaráis náisiúnta ar an eolas faoi neamhrialtacht nó an dáta a shuíonn siad neamhrialtacht, ní bhaineann sé le gníomhachtú na tréimhse teorann sin (féach, de réir análaí, breithiúnas an 11 Meitheamh 2015, *Pfeifer & Langen*, C-52/14, EU:C:2015:381, mír 67).

35 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé, ag féachaint d'fhoclaíocht na bhforálacha náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, a chinneadh an féidir comhlíonadh an cheanglais dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a áirithiú i gcomhthéacs léirithe ar an dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais nó, in éagmais féidearthacht den sórt sin, an dtugtar le tuiscint leis gan na forálacha sin go léir nó cuid díobh a chur i bhfeidhm.

36 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go n-áirítear leis an gceanglas an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais an oibleagáid atá ar chúirteanna náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd atá ag breithniú ag an gcéim dheireanach, cásdlí bunaithe a athrú, i gcás inarb iomchuí, má tá an cásdlí sin bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir le dlí an Aontais. Dá réir sin, ní féidir le cúirt náisiúnta a mheas go bailí go bhfuil sé dodhéanta di foráil den dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais ar an gcúis amháin go ndearna cúirteanna eile an fhoráil sin a léiriú ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais nó go gcuireann na húdaráis náisiúnta inniúla i bhfeidhm í ar bhealach den sórt sin (breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Avio Lucos*, C-116/20, EU:C:2022:273, mír 97 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Leanann sé ón méid sin roimhe seo gurb é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 3(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 2988/95, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos tréimhse theorann níos faide ná an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 3(1), faoi réir chomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta. Os a choinne sin, cuirtear cosc leis na forálacha sin ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go rithfidh an tréimhse theorann sin ón dáta a shuigh na húdaráis náisiúnta neamhrialtacht i bhfianaise fhorálacha an Rialacháin sin.

An dara ceist

38 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an ceathrú fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 a léiriú sa chaoi, i gcás inar bhain Ballstát úsáid as an bhféidearthacht a thugtar le hAirteagal 3(3) den Rialachán sin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse theorann níos faide ná an tréimhse a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, nach mór an dearbhthréimhse theorann a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin a ríomh faoi threoir na tréimhse teorann níos faide sin nó faoi threoir na tréimhse dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin.

39 Bunaítear leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 dearbhtheorainn a bheidh infheidhme maidir leis an tréimhse theorann le haghaidh imeachtaí i leith neamhrialtachta, tar éis don tréimhse theorann sin dul in éag ar a dhéanaí an lá a rachaidh tréimhse atá cothrom le dhá oiread na tréimhse a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin in éag gan phionós a bheith forchurtha ag an údarás inniúil, mura rud é gur cuireadh na himeachtaí ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin (breithiúnas an 11 Meitheamh 2015, *Pfeifer & Langen*, C-52/14, EU:C:2015:381, mír 63).

40 Rannchuidíonn an dearbhthréimhse theorann sin le deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú d'oibreoirí eacnamaíocha trí chosc a chur ar mhoill éiginnte a chur ar thréimhse theorann le haghaidh imeachtaí a bhaineann le neamhrialtacht trí ghníomhartha briste a dhéanamh arís agus arís eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meitheamh 2015, *Pfeifer & Langen*, C-52/14, EU:C:2015:381, mír 64).

41 Is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais, má chuirtear tréimhse theorann náisiúnta níos faide i bhfeidhm de bhun Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 2988/95, go rachaidh an dearbhthréimhse theorann a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin in éag, in aon chás, ar an lá nó ar thréimhse arb ionann í agus dhá oiread na tréimhse teorann níos faide sin in éag (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2017, *Glencore Céréales*, C-584/15, EU:C:2017:160, mír 71).

42 Leanann sé ón méid sin roimhe seo gurb é an freagra ar an dara ceist nach mór an ceathrú fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 a léiriú sa chaoi, i gcás inar bhain Ballstát úsáid as an bhféidearthacht a thugtar le hAirteagal 3(3) den Rialachán sin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse theorann níos faide ná an tréimhse theorann 4 bliana dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, nach mór an dearbhthréimhse theorann dá bhforáiltear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin a ríomh faoi threoir na tréimhse teorann níos faide sin.

An tríú ceist

43 I bhfianaise na bhfreagraí a tugadh ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist, ní gá an tríú ceist a fhreagairt.

Costais

44 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Ní mór Airteagal 3(1) agus (3) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos tréimhse theorann níos faide ná an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 3(1), faoi réir chomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta. Os a choinne sin, cuirtear cosc leis na forálacha sin ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go rithfidh an tréimhse theorann sin ón dáta a shuigh na húdaráis náisiúnta neamhrialtacht i bhfianaise fhorálacha an Rialacháin sin.**

2. **Ní mór an ceathrú fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2988/95 a léiriú sa chaoi, i gcás inar bhain Ballstát úsáid as an bhféidearthacht a thugtar le hAirteagal 3(3) den Rialachán sin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse theorann níos faide ná an tréimhse theorann 4 bliana dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, nach mór an dearbhthréimhse theorann dá bhforáiltear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin a ríomh faoi threoir na tréimhse teorann níos faide sin.**

[Sínithe]